

❖ An Lúibín ❖

26 Samhain 2014

Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge

Bhí 'Scríbhneoireacht na Gaeilge: Gairm Bheatha nó Caitheamh Aimsire' mar théama ag Fóram na Scríbhneoirí ag féile na Samhna i gCill Airne i mbliana. Ar an bpainéal bhí Pádraig Mac Fhearghusa (file agus eagarthóir *Feasta*), Máire Ní Annracháin (scoláire), Gabriel Rosenstock (file) agus Mícheál Ó Ruairc (file, gearrscéalaí agus úrscéalaí). Bhí Cathal Póirtéir (scoláire agus staraí) ina chathaoirleach orthu. Bhí cúpla scór duine i láthair agus iad ar aon intinn faoi na rudaí a bhí ag teastáil - plean maidir le cur chun cinn na scríbhneoireachta, breis cumarsáide agus tacaíocht do na scríbhneoirí ó institiúidí agus eagraíochtaí a bhí i gcúram na scríbhneoireachta Gaeilge.

Socraíodh ar Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge a bhunú chun freastal ceart a éileamh ó eamán na foilsitheoireachta. Beidh Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge ag iarraidh cur ar chumas na scríbhneoirí Gaeilge luach a shaothar a fháil agus an saothar sin a fhoilsiú ar an mbealach is tarraingtí.

Anois tá siad ag iarraidh a oiread scríbhneoirí Gaeilge agus is féidir a thabhairt le chéile chun plean oibre a leagan amach agus chun coiste stiúrtha a roghnú. Tá sé ráite ag Cathal Póirtéir go bhfuil sé sásta a bheith ina rúnaí sealadach. Ba mhaith leis liosta de scríbhneoirí na Gaeilge a chur le chéile a mbeadh seoladh ríomhphoist, uimhir fóin phóca agus mar sin ann. Is féidir teacht air ag cathalpoirteir@gmail.com.

Scríbhneoirí Éireannacha atá i gceist anseo ach is dócha nach mbeidh doicheadall roimh scríbhneoirí Gaeilge ó thíortha eile.



Caint bheo

An teanga ag athrú – mór an crá. Má tá tú i ngrá leis an gcaighdeán, cinnte. Ní foláir na rialacha a bheith ann, ar ndóigh, ach tá dhá alt le Kevin Hickey in *Tuairisc.ie* faoin scéal agus is fiú iad a léamh (agus féach 'Gan séimhiú' in *An Lúibín*, 7 Samhain 2014): 'Ar thóir na mban nó na mná?' (<http://tuairisc.ie/ar-thoir-na-mban-no-na-mna/>) agus 'Obair baile' nó 'obair bhaile' le déanamh?' (<http://tuairisc.ie/obair-baile-no-obair-bhaile-le-deanamh-ach-ce-acu-ata-ceart/>). Pléann sé na difríochtaí idir leaganacha caighdeánacha agus caint bheo na Gaeltachta:

Is iomaí athrú atá tagtha ar chaint bheo na Gaeltachta ó tugadh an chéad Chaighdeán isteach agus rinneadh iarracht i 2012 simpliú áirithe a dhéanamh ar chuid de rialacha gramadaí na teanga agus aitheantas de chineál a thabhairt do chaint na linne seo, go mór mór an chuid sin di a bhaineann le cealú an ghinidigh.

Is fada an cealú céanna le fáil sa chaint: 'in aghaidh na Muimhnigh' in áit 'in aghaidh na Muimhneach' nó 'geansaí an fhear bheag' in áit 'geansaí an fhir bhig'.

Maidir leis an séimhiú, is í an ghné is mó de sin a dhéanann tinneas do dhaoine ná cathain a shéimhítear ainmfhocal nuair atá sé ag teacht i ndiaidh ainmfhocal baininsneach... Is é an fhadhb is mó atá ann ina thaobh seo ná go bhfuil sé seo fíorshuibhachtúil mar cheist agus nach é an léamh céanna a bhíonn ag gach duine air, rud a fhágann go mbíonn easaontas ann ina thaobh ó am go chéile.

Agus céard a déarfá le ‘cé leis a bheidh an lá?’ (in áit ‘cé leis a mbeidh an lá?’) nó ‘sin an áit atá siad’ (in áit ‘sin an áit a bhfuil siad’)?

Maidir leis na difríochtaí atá pléite thuas, áfach, tá siad seanbhunaithe sa chaint. Tá léargas air seo le fáil i gcáipéis fhíorshuimiúil ó na 1820í agus 1830í, dialann Amhlaoibh Uí Shúilleabháin, ceannaí agus múinteoir a bhí ina gcónaí i gCallainn ‘na gclampar’ i gCo. Cill Chainnigh. Chuir Tomás de Bhaldraithe eagrán giorraithe den dialann amach agus nótaí leis.¹ Déanann sé tagairt d’úsáid an ainmnigh iolra in áit an ghinidigh iolra (‘na gcapaill bhochta’), d’úsáid aidiachta uathu le hainmfhocail iolra (‘na caisleáin aolmhar’) agus d’úsáid an ghinidigh gan an aidiacht a athrú (‘na gealaí iaradharcach’).

Níl doicheall ar lucht déanta na rialacha roimh ghnásanna na cainte, ach caithfidh siad comhréiteach a dhéanamh idir na gnásanna sin agus leagan níos foimiúla den teanga. Tosódh an spórt i ndáiríre nuair a ghlacfaidh an Caighdeán le leithéid ‘ar thóir na mná’ in áit ‘ar thóir na mban’.



Athleagan

Nóta agus ceartú chugainn ó Aogán Ó Muircheartaigh, file agus aistritheoir (*Drúcht ar Chneas*, Coiscéim 1992, *Ómós Mhíchíl*, aistriúchán ar fhilíocht Mhíchíl Fanning, Coiscéim 2010, agus eile). Luaigh sé tagairt a rinneadh in *An Lúibín* tamall ó shin do *Tandem Neljale/Tandem for Four/Teaindim Ceathrair* (Coiscéim 2012), eagrán trítheangach de dhánta le Kristiina Ehin, Andres Ehin, Ly Seppel agus Eliisa Ehin, filí Eastónacha (féach an léirmheas in *Feasta*, Samhain 2012: <http://www.feasta.ie/2012/samhna/alt5.html>). Aogán a rinne na hathleaganacha Gaeilge agus is léir ó na sleachta atá feicthe againn go ndearna sé go greanta iad.

Luadh Diarmuid Ó Giolláin i bpíosa úd *An Lúibín* mar an té a chuir Gaeilge ar na dánta sin. Ba maith linn anois an dearmad sin a cheartú. Seo ceann de na sleachta úd (Andres Ehin):

*ní bhfaighim deis féachaint
im scáthán*

*mar le fada fada an lá
tá an buanadas á bhearradh féin
im sheomra folctha*

Dála an scéil, rinne Aogán athleaganacha Gaeilge ar chnuasach dánta eile le Andres Ehin: *Sisemine Hobunel/ An Capall Istigh/Inner Horse*, Coiscéim 2014.



Le faitíos go mbeadh na Puncáin ag éisteacht

22,279 duine a bhí ag labhairt Gaeilge mar theanga theaghlaigh sna Stáit idir 2006 agus 2008, de réir na bhfigiúirí atá le fáil.² Tamall roimhe sin thaispeáin Suirbhé Pobail Meiriceánach (*American Community Survey*) na bliana 2005 gur sna ceithre stáit seo thíos is mó a bhí Gaeilge á húsáid mar theanga teaghlaigh. Seo an líon daoine a bhí i gceist:

Nua Eabhrac	4,030
California	2,363
Massachusetts	1,634
Florida	1,137

¹ Tomás de Bhaldraithe (eag.). *Cín Lae Amhlaoibh*. An Clóchomhar Tta.

² Detailed Languages Spoken at Home and Ability to Speak English for the Population 5 Years and Over for the United States: 2006-2008 : www.census.gov.

18,815 cainteoir Gaeilge ar fad a bhí le fáil sa suirbhé sin.

Maidir le Gaeilgeoirí líofa a d'fhoghlaim a gcuid Gaeilge sna Stáit féin, is dócha nach mbeadh mórán acu ag tógáil clainne le Gaeilge. Ach tá siad ann, cé nach féidir iad a áireamh go cruinn.

Is minic nach bhfuil an oiread sin eolais ag Gaeilgeoirí ar stair na teanga i Meiriceá Thuaidh i bhfad roimh an Drochshaol. Cuimhnimis ar Phroinsias Mag Uidhir, Éireannach a sheol leis na Sasanaigh go dtí Virginia sa 16ú haois agus a chuaigh go dtí an Spáinn ina dhiaidh sin, áit ar thug sé cuntas ar a thuras i nGaeilge do Fhlaithrí Mac Conraoi, Ardeaspag Thuama. Cuimhnimis freisin ar Ann (Goody) Glover, cainteoir Gaeilge a básaíodh as asarlaíocht i mBostún sa bhliain 1668.³ Agus tá cuntas ar úsáid na Gaeilge i Meiriceá níos luaithe sa 17ú haois sna cúirteanna agus i measc na sclábhaithe. San 18ú haois bhí Gaeilge ag mórán searbhóntaí dintiúr, rud a luaitear i bhfógraí faoi shearbhóntaí ar teitheadh. Bhí cainteoirí Gaeilge ar an dá thaobh le linn na Réabhlóide.

Nuair a cuireadh an Phoblacht ar bun bhí Gaeilge á labhairt ag pobail in Maryland, i Nua Eabhrac, Pennsylvania agus Massachusetts. Ba é Cathal Ó Faoláin (1740-1806) an chéad sagart bhuan Chaitliceach i Nua Eabhrac, Caipisíneach arbh fhearr a chuid Gaeilge agus Fraincise, más fíor, ná a chuid Béarla. Bhí cainteoirí Gaeilge ag obair in Washington D.C. ar Chanáil Erie (1817-26) agus in Lowell, Massachusetts. Sna 1820í bhí cainteoirí Gaeilge ag cur fúthu in Nova Scotia, New Brunswick, Quèbec agus Ontario. Bhí cainteoirí Gaeilge ar fostú ag an American Protestant Society and ansin an American and Foreign Christian Union mar léitheoirí Bíobla agus mar *colporteurs* chun foilseacháin dhiaga a scaipeadh sna 1840í agus sna 1850í.

Tharla athbheochan mhíchothrom i lár an 19ú haois. Bhí colún Gaeilge san *Irish-American* sa bhliain 1857; bhí ranganna de chuid Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge ar siúl sna 1870í; cuireadh *An Gaodhal*, nuachtán dátheangach, ar bun sa bhliain 1881. Is beag baint a bhí ag formhór na gcainteoirí leis an obair seo agus cúiseanna difriúla leis – an náire, mar shampla. Mar a dúirt Pádraic Ó Treasa ó Nashua in New Hampshire i litir chun *An Gaodhal* (Deireadh Fómhair 1883) [*a litriú féin*], 'Tá go leor fir 's mná inseo nach bhfuil an dara focal beurla achu go ceart nach labharódh focal ar bith acht é le faitchios go mbeidheadh na Puncáin (Yankees) 'g éisteacht'.⁴ Ar an taobh eile de, shíl a lán cainteoirí líofa gur bhain gnóthaí na hAthbheochana le scoláirí agus daoine meánaicmeacha amháin.

Meastar go raibh Gaeilge ag 24% de na hinimircigh ó Éirinn idir 1891 agus 1900 – os cionn 100,000 duine. Ba rogha le muintir Oileán Acla Cleveland, agus cuireadh muintir Dhún na nGall fúthu in Brooklyn, New Jersey agus Pennsylvania. Springfield, Massachusetts, agus Hartford, Connecticut, ab fhearr le muintir Chiarraí. In Portland, Maine, b'as Chonamara, Cois Fharraige agus Corr na Móna d'fhormhór na nÉireannach agus bhí Gaeilge á labhairt ag na duigéirí san 1950í féin. Cainteoirí dúchais atá i gceist anseo, agus is annamh a labhróidís Gaeilge lena gclann: níorbh fhiú leo é agus éileamh ar Bhéarla sa tír nua.

Is iad na Gaeilgeoirí, mar sin, idir inimircigh agus Mheiriceánaigh, a chuirfidh an teanga chun cinn feasta sna Stáit. Tá toradh ar an obair sin cheana - an iris *An Gael* (www.angaelmagazine.com), an léann acadúil, roinnt scríbhneoirí. Bíodh súil againn lena thuilleadh feasta.

* *Tá achoimriú áisiúil ar stair na Gaeilge sna Stáit ag Kenneth E. Nilsen, 'Celtic languages in North America (Irish),' Igh 376-8, in John T. Koch (eag.), Celtic Culture: An Historical Encyclopedia, Vol. 1, ABC Clío 2006, ISBN 1-85109-440-7. Baineadh feidhm as anseo.*



³ Féach 'Ann (Goody) Glover': [https://ga.wikipedia.org/wiki/Ann_\(Goody\)_Glover](https://ga.wikipedia.org/wiki/Ann_(Goody)_Glover).

⁴ Luaite in Gillian Ní Ghabhann, 'The Gaelic Revival in the U.S. in the Nineteenth Century': <http://www.ucc.ie/chronicon/nighab2.htm>.

Scéal nach bhfuil nua: páistí na Gaeltachta ag iompú chun Béarla

Tá tuairisc nua ann, 'Analysis of Bilingual Competence: Language Acquisition among young people in the Gaeltacht,' a deir gur fearr an Béarla atá ag páistí atá ina gcainteoirí dúchais ná a gcuid Gaeilge. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) a rinne an taighde. Deirtear nach bhfuil fiú míle dalta i mbunscoileanna Gaeltachta anois atá ina gcainteoirí dúchais.

Rinneadh staidéar ar chumas teanga caoga páiste idir seacht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois a tógadh le Gaeilge amháin. B'fhearr a gcuid Béarla ná a gcuid Gaeilge agus a lán cúiseanna leis, is dócha. Tá Béarla le cloisteáil i ngach réimse den saol, agus is suimiúil an rud é go bhfuil an Ghaeilge is measa ag na daltaí atá ar scoil le Béarlóirí.

Moltar go gcuirfí na páistí ag léamh i nGaeilge chun a gcuid den teanga a dhaingniú, agus go gcuirfí gréasáin shóisialta ar bun a ligfeadh do na páistí Gaeilge a labhairt i gcúrsaí siamsa chun an taithí atá acu ar an teanga a leathnú.

Luíonn sé le réasún, áfach, go bhfuil sé ródhéanach an doras a dhúnadh tar éis na foghla. Níl sa tuairisc ach dearbhú eile gur lasmuigh den Ghaeltacht a chuirfear an teanga chun cinn. Dearbhú é freisin ar chliseadh iomlán na mbeartas a chuir rialtas i ndiaidh rialtais ar bun chun an teanga a 'shábháil' sa Ghaeltacht.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leaganacha simplithe

Caint bheo

Tá an Ghaeilge ag athrú, cé go bhfuil an Caighdeán Oifigiúil ann i gcónaí. Tá dhá alt le Kevin Hickey in *Tuairisc.ie* faoin scéal ‘Ar thóir na mban nó na mná?’ agus ‘Obair baile’ nó ‘obair bhaile’. Pléann sé na difríochtaí idir leaganacha caighdeánacha agus caint bheo na Gaeltachta. Tugadh aitheantas sa Chaighdeán do chealú an ghinidigh, cé go bhfuil níos mó den chealú sin le fáil sa chaint: ‘in aghaidh na Muimhnigh,’ mar shampla, in áit ‘in aghaidh na Muimhneach’.

Pléann sé na rialacha a bhaineann leis an séimhiú, ceist a bhfuil easaontas ann fúithi ó am go chéile.

Is fada, áfach, atá rudaí ‘contráilte’ le fáil sa chaint. Tá léargas air seo le fáil i gcáipéis an-suimiúil ón gcéad chuid den naoú haois déag, dialann Amhlaobh Uí Shúilleabháin, ceannaí agus múinteoir a bhí ina gcónaí i gCo. Cill Chainnigh. Chuir Tomás de Bhaldraithe eagrán giorraithe den dialann amach agus nótaí leis. Déanann sé tagairt d’úsáid an ainmnigh iolra in áit an ghinidigh iolra (‘na gcapaill bhochta’), d’úsáid aidiachta uathu le hainmfhocal iolra (‘na caisleáin aolmhar’) agus d’úsáid an ghinidigh gan an aidiacht a athrú (‘na gealaí iaradharcach’).

Tosódh an spórt i ndáiríre nuair a ghlacfaidh an Caighdeán le leithéid ‘ar thóir na mná’ in áit ‘ar thóir na mban’.

Le faitíos go mbeadh na Puncáin ag éisteacht

22,279 duine a bhí ag labhairt Gaeilge mar theanga theaghlaigh sna Stáit Aontaithe idir 2006 agus 2008. Tamall roimhe sin, sa bhliain 2005, bhí an líon is mó de na daoine sin le fáil i gceithre stát:

Nua Eabhrac	4,030
California	2,363
Massachusetts	1,634
Florida	1,137

Dream eile is ea na Gaeilgeoirí líofa a d’fhoghlaim a gcuid Gaeilge sna Stáit féin agus nach bhfuil ag labhairt na teanga sa bhaile.

Bheadh roinnt Gaeilgeoirí ann nach bhfuil eolas acu ar stair na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh roimh an Drochshaol. Chuaigh Proinsias Mag Uidhir leis na Sasanaigh go dtí Virginia sa séú haois déag agus go dtí an Spáinn ina dhiaidh sin, áit ar thug sé cuntas ar a thuras i nGaeilge do Fhlaithrí Mac Conraoi, Ardeaspag Thuama. Sa 17ú bhí Gaeilge á húsáid ag sclábhaithe agus sna cúirteanna. San ochtú haois déag bhí Gaeilge ag mórán searbhóntaí. Bhí cainteoirí Gaeilge ar an dá thaobh le linn na Réabhlóide.

Nuair a cuireadh an Phoblacht ar bun bhí Gaeilge á labhairt ag pobail in Maryland, i Nua Eabhrac, Pennsylvania agus Massachusetts. I bhfichidí an naoú haois déag bhí mórán cainteoirí Gaeilge ag cur fúthu in Nova Scotia, New Brunswick, Québec agus Ontario. Bhí cainteoirí Gaeilge ar fostú ag cumainn Phrotastúnacha i lár an naoú haois déag mar léitheoirí Bíobla.

Ó lár an naoú haois déag amach bhí colúin Ghaeilge le fáil ina lán nuachtán. Cuireadh *An Gaodhal*, nuachtán dátheangach, ar bun sa bhliain 1881. Is beag baint a bhí ag formhór na gcainteoirí leis an obair seo. Bhí náire ar chuid acu agus shíl cuid eile gur bhain gnóthaí an Athbheochana le scoláirí amháin.

Faoi dheireadh an naoú haois bhí cainteoirí Gaeilge ó cheantair áirithe in Éirinn ag cur fúthu i gceantair áirithe i Meiriceá. Théadh muintir Dhún na nGall chun cónaithe in Brooklyn, New Jersey agus Pennsylvania, mar shampla. Is annamh a labhraíodh na hinimircigh Gaeilge lena gclann. Ar Bhéarla a bhí éileamh sa tír nua.

Ní hiad na cainteoirí dúchais a chuirfidh an teanga chun cinn feasta sna Stáit ach na Gaeilgeoirí.

Dhá ghearrscéilín le Colin Ryan. Tá scéalta agus dánta dá chuid foilsithe ag a lán irisí Gaeilge.

Na Dealbha

Ar dtús níor thug sé faoi deara go raibh Ellen imithe. An chuimhne ag teip air, cinnte, an aois ag dul i ngreim ann. Ach ní raibh sí ann, ina seomra codlata (b'fhada a leaba féin i seomra eile), sa chistin, sa seomra suite, sa leithreas. Ní scairtfeadh sé uirthi mar nach raibh nós aige riamh a leithéid a dhéanamh. É ag déanamh machnaimh, ag caint leis féin, ag luascadh siar is aniar.

Ní raibh an seanduine tagtha fós air. É ag féachaint air féin sa scáthán os cionn an mhatail. Duine éigin ann, seanduine, cinnte. Ba mhinic é ag smaoineamh ar an mbás, ar éalú an anama. Chreid sé fós san anam, chreid sé go raibh rud éigin thall, réaltacht úd na mBúdaithe. Dia féin, b'fhéidir. Ach bhí sí féin beo fós, bhí sé cinnte de sin, agus uaireanta bhí sé in ann an chuid is sine di a fheiceáil, an cailín a bhí inti tráth.

Ní minic a théidís amach anois. Thagadh an iníon ar cuairt chucu uair sa tseachtain, í lán de chaint, séasúr nua ina glór. É féin ina bhunfhear beagnach nuair a rugadh í. Í ag iompar anois, duine garchlainne ar an mbealach. É ag smaoineamh go fuarchúiseach ar cén saghas duine a bheadh sa leanbh sin, ar an gcinniúint a bheadh roimhe.

Shuigh sé síos agus rinne athmhachnamh, ag cuardach an tí ina intinn. Bheadh Ellen ann, cén fáth nach mbeadh, bhí aithne a rian is a beart aici, ní rachadh sí ar seachrán. Bhí sí ann agus bhí sí imithe.

D'éirigh sé, lámh ina thaca ar chiumhais an bhoird aige, a aghaidh ar an ngairdín. Lá Márta, an teas ag maolú, an Fómhar buailte leo. Síos an cosán nó gur bhain sé na crainn amach. Ansin chonaic sé Ellen agus í ina dealbh, ina carraig, caonach uirthi. Thuig sé ansin go raibh sí imithe i gceart, imeacht gan teacht, agus rith sé leis go raibh suaimhneas éigin air, a fhios aige go raibh rud éigin réitithe.

D'fhill sé ar an teach, ar an seomra suite, d'fhéach ar an gcúinne mar a mbíodh a chathaoir uilleach. Dealbh eile a bhí ann, é féin ina chloch, b'fhurasta é a aithint, na súile folamha síoraí, an béal ina líne dhiamhair. Bhí sé ann agus ní raibh sé ann. Cead aige imeacht anois.

Siúd amach chun an gheata é, siúd síos an tsráid é. D'fhéadfadh a iníon teacht anois, í ina luí seoil sa teach ar tógadh í chun leanbh a fháscadh amach faoi sholas na gréine, na dealbha ann mar chuimhneacháin, mar ghnáththoscán, á gcreimeadh faoi luí na haimsire.

Cat

D'éirigh Coronada óna glúine sa ghairdín cúil (áit a raibh sí ag glanadh na nglasraí), bhain di na miotóga, chuaigh isteach agus rinne ar an doras. Gan a fhios aige cén fáth a ndearna sí é nó go bhfaca sí an cat, ceann baininsneach, ar an tairseach, rud dubh gan chineáltas a bhí ar iarraidh le cúig bliana. Chrom Coronada leis an ainmhí a mhuirniú, ach dúirt a croí léi gur chóir di a lámh a choinneáil siar. Isteach leis an diabhal dubh.

Ba chosúil le cat Coronada féin, í lúfar, éasca, uaigneas ina súile. Í scartha lena fear céile agus ina haonar ó shin, ag obair mar chléireach tíolactha ar imeall na cathrach agus ar lorg fhear a diongmhála nó gur thuig sí nach í an diongmháil a bhí uaithi. Céard a bhí uaithi, mar sin? Síocháin, a cuid leabhar, cara nó dhó. Chaoin sí teitheadh an chait ach níor thug sí iarracht ar cheann eile a fháil.

Anois bhí an cat ar ais, rud rúnda, cosa gan torann, na súile ar lasadh istoíche. Í isteach agus amach, ag faire. Í ina gnáthchuid de shaol an tí arís. Thugadh Coronada dearcadh claon uirthi agus amhras aici gur sprid í seachas ainmhí, amhras nárbh fhéidir léi é a dhearbhu.

Ach tháinig an sprid: pearsa chatúil ina suí ar imeall an bhoird i bhfoirm mná, ag féachaint go mailíseach ar Chronada, an lá ag crónú ina timpeall.

-An dtiocfaidh tú amach liom? Beimid ag sealgairacht agus an ghealach ina luí.

Ach dhiúltaigh Coronada don chuireadh, agus dhúisigh nó thit ina codladh, níorbh eol di cé acu. An sprid ina cat arís, ainmhí a shleamhnódh gan dua idir cleith agus ursain.

Ina dhiaidh sin nochtadh an cat ina sprid uair nó dhó sa tseachtain, an mhioscais chéanna inti i gcónaí, í ag iarraidh Coronada a mhealladh amach léi ar na bealaí anaithnide. Ach dhiúltaíodh Coronada í. Na laethanta ag imeacht mar ba ghnáth, na béilte, an gairdín, na cuairteanna. Faoi dheireadh, tráthnóna amháin, thug sí aghaidh a craois ar an gcat, ag éileamh síochána. Ach scrúdaigh an cat í mar a dhéanfadh cat ar bith, gan tuiscint gan fiosracht, agus chaolaigh léi uaithi.

Níor tháinig an diabhal ar ais agus bhí Coronada sásta; ach níorbh fhéidir léi gan cuimhneamh ar an gcuireadh úd, ar an mealladh úd, ar na bealaí anathnaide. Oíche shamhraidh dhúisigh sí (i gceann bliana? i gceann seachtaine?), an fhuinneog ar oscailt, glór na bpíobairí fraoigh chuici, an sprid sínte lena taobh.

-Cuir ort, a dúirt an guth.

Bhain Coronada searradh aisti féin. Í ag géilleadh. An fiántas á mhúscailt inti. Chuir sí uirthi agus shleamhnaigh siad beirt amach. Na sráideanna ina dtost, an gealach gafa i líon na gcrabhacha. Ba dhóigh léi go raibh na crainn ag cúngú uirthi, ag fás trí na díonta, ag briseadh na gcosán, an chreach dulta i bhfolach ar a gcúl. Í ag siúl roimpi, gan sprid ina haice ná cat, í féin ina neach catúil, gan náire gan trócaire, ag imeacht ina haonar go himeall na críche daonna.